Le hordú an 11 Iúil 2022, chinn an Chúirt Bhreithiúnais (an Dlísheomra a chinneann ar chóir ligean d'achomhairc dul ar aghaidh) nár cheart ligean don achomharc dul ar aghaidh agus go n-íocfadh Laboratorios Ern, SA a chostais féin.

---

## Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal Arbitral Tributário (Centro de Arbitragem Administrativa – CAAD) (an Phortaingéil) a taisceadh an 17 Márta 2022– Lineas – Concessões de Transportes SGPS, S. A. v Autoridade Tributária e Aduaneira

**(Cás C-207/22)**

(2022/C 318/28)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

### An chúirt a rinne an tarchur

Tribunal Arbitral Tributário (Centro de Arbitragem Administrativa – CAAD)

### Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Iarratasóir:* Lineas – Concessões de Transportes SGPS, S. A.

*Cosantóir:* Autoridade Tributária e Aduaneira

### An cheist a tharchuirtear:

An bhféadfaí caitheamh le cuideachta shealbhaíochta, arb é an t-aon chuspóir atá léi ná scairshealbhaíochtaí i gcuideachtaí eile a bhainistiú mar bhealach indíreach chun gníomhaíochtaí eacnamaíocha a fheidhmiú agus a fhaigheann agus a choimeádann, sa chomhthéacs sin, na scairshealbhaíochtaí sin ar bhonn fadtéarmach, ar scairshealbhaíochtaí iad nach bhfuil, go ginearálta, níos lú ná 10 % de scairchaipiteal na gcuideachtaí sin, i gcás ina mbaineann gníomhaíochtaí na gcuideachtaí sin le bainistíocht bhonneagair iompair, lena n-áirítear bóthair/mótarbhealaí a dhearadh, a thógáil agus a bhainistiú, mar "institiúid airgeadais" de réir bhrí Threoir 2013/36/AE ([1]) agus Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ([2])?

---

([1]) Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO 2013 L 176, lch. 338).

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO 2013 L 176, lch. 1).

---

## Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal Arbitral Tributário (Centro de Arbitragem Administrativa – CAAD) (an Phortaingéil) a taisceadh an 20 Aibreán 2022 – Global Roads Investimentos SGPS, Lda v Autoridade Tributária e Aduaneira

**(Cás C-267/22)**

(2022/C 318/29)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

### An chúirt a rinne an tarchur

Tribunal Arbitral Tributário (Centro de Arbitragem Administrativa – CAAD)

### Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Iarratasóir:* Global Roads Investimentos SGPS, Lda

*Cosantóir:* Autoridade Tributária e Aduaneira

**An cheist a tharchuirtear:**

An dtagann cuideachta sealbhaíochta atá bunaithe sa Phortaingéil agus a rialaítear le forálacha Fhoraithne-Dlí Uimh. 495/88 an 30 Nollaig 1988 (Decreto-Lei n.º 495/88), arb é an t-aon chuspóir atá aici ná scairshealbhaíochtaí i gcuideachtaí eile a bhainistiú mar chineál indíreach gníomhaíochta eacnamaíche agus a fhaigheann seilbh mharthanach ar na scairshealbhaíochtaí úd sa chomhthéacs sin, nach lú, go ginearálta, ná 10 % de scairchaipiteal na gcuideachtaí ina bhfuil scairshealbhaíochtaí aici sa chás nach bhfeidhmíonn na cuideachtaí sin san earnáil árachais nó san earnáil airgeadais, faoin gcoincheap "institiúid airgeadais" de réir bhrí phointe 22 d'Airteagal 3(1) de Threoir 2013/36/AE ([1]) agus de réir bhrí phointe 26 d'Airteagal 4(1) de Rialachan (AE) Uimh. 575/2013? ([2])

([1]) Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO 2013 L176, lch. 1).

---

## Iarraidh ar réamhrialú ó Nederlandstalige rechtbank van eerste aanleg Brussel (an Bheilg) a taisceadh an 13 Aibreán 2022 – VITOL SA v Stát na Beilge

**(Cás C-268/22)**

(2022/C 318/30)

*Teanga an cháis: an Ollainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Nederlandstalige rechtbank van eerste aanleg Brussel

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* VITOL SA

*Cosantóir:* Stát na Beilge

**An cheist a tharchuirtear**

An bhfuil Rialachán Cur Chun Feidhme Uimh. 1194/2013 ([1]), arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme 2017/1578 ([2]), ar neamhréir le bunrialachán Uimh. 1225/2009 ([3]), toisc, *inter alia*,

— nár léiríodh go raibh na coinníollacha ann, i gcomhthéacs gnáthluach an táirge chosúil a ríomh, chun neamhaird a dhéanamh ar na costais a bhain le táirgeadh agus díol an táirge sin, mar a tugadh le fios sna taifid de na táirgeoirí is allmhaireoirí ón Airgintín arna imscrúdú i gcomhréir leis an riail a leagtar síos in Airteagal 2(5) den bhunrialachán,

— go rinneadh, go hearráideach, éifeachtaí na n-allmhairí a mheas go carnach i gcomhréir le hAirteagal 3(4) den bhunrialachán agus, dá bhrí sin, nár léiríodh go leordhóthanach gurbh ann d'allmhairí dumpáilte lena ndearnadh díobháil de réir bhrí Airteagal 3(6) agus (7) den bhunrialacháin,

— agus nach raibh, dá bhrí sin, aon dhumpáil ann agus nach bhféadfaí aon dleacht frithdhumpála a ghearradh i gcomhréir le hAirteagal 1 den bhunrialachán?

([1]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1194/2013 ón gComhairle an 19 Samhain 2013 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach a forchuireadh ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh na hAirgintíne agus na hIndinéise (IO 2013 L 315, lch. 2).

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1578 ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2017 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1194/2013 ón gComhairle lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach a forchuireadh ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh na hAirgintíne agus na hIndinéise (IO 2017 L 239, lch. 9).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad (IO 2009 L 343, lch. 51).

---